(2022/C 119/42)

Teanga an cháis: an Ghearmáinis

Níl san Iris Oifigiúil seo ach na fógraí maidir le cásanna ar cuireadh clabhsúr leo roimh an 1 Eanáir 2022 agus mar sin níl leagan Gaeilge ar fáil.

Breithiúnas na Cúirte Ginearálta an 26 Eanáir 2022 – Unger Marketing International v EUIPO – Orben Wasseraufbereitung (íontóirí uisce)

(Cás T-325/20)

(2022/C 119/43)

Teanga an cháis: an Béarla

Níl san Iris Oifigiúil seo ach na fógraí maidir le cásanna ar cuireadh clabhsúr leo roimh an 1 Eanáir 2022 agus mar sin níl leagan Gaeilge ar fáil.

Breithiúnas na Cúirte Ginearálta an 12 Eanáir 2022 – 1031023 B.C. v EUIPO – Bodegas San Valero (Léiriú ar chiorcal tarraingthe le scuab)

(Cás T-366/20) ⁽¹⁾

(“Trádmharc an Aontais Eorpaigh – Imeachtaí freasúra – Iarratas ar thrádmharc fiortha de chuid an Aontais Eorpaigh lena léirítear ciorcal tarraingthe le scuab – Trádmharc fiortha náisiúnta roimhe seo ORIGIUM 1944 – Forais choibhneasta le diúltú – Dóchúlacht mhearbhaill – Airteagal 8(1)(b) de Rialachán (AE) 2017/1001”)

(2022/C 119/44)

Teanga an cháis: an Spáinnis

Páirtithe

Iarratasóir: 1031023 B.C. Ltd (Richmond, British-Colombia, Ceanada) (ionadaí: M. González Gordon, Dlíodóir)

Cosantóir: Oifig Maoine Intleachtúla an Aontais Eorpaigh (ionadaithe: J. Ivanauskas agus V. Ruzek, i gcáil Gníomhairí)

Páirtithe eile os comhair an Bhoird Achomhairc de EUIPO, ag déanamh idirghabháil os comhair na Cúirte Ginearálta: Bodegas San Valero, S. Coop. (Cariñena, an Spáinn) (ionadaí: J. García Domínguez, Dlíodóir)

Maidir le:

Caingean arna tabhairt i gcoinne chinneadh an chéad Bhoird Achomhairc de EUIPO an 9 Márta 2020 (Cás R 2142/2019-1), maidir le himeachtaí freasúra idir Bodegas San Valero agus 1031023 B.C.

An chuid oibríochtúil

- 1) Diúltaítear don achomharc
- 2) Ordaítear do 1031023 B.C. Ltd a chostais féin a íoc lena n-áirítear na costais arna dtabhú ag Oifig Maoine Intleachtúla an Aontais Eorpaigh (EUIPO) agus Bodegas San Valero, S. Coop.

⁽¹⁾ IO C 255, 3.8.2020.

Breithiúnas na Cúirte Ginearálta an 19 Eanáir 2022 – Tecnica Group v EUIPO – Zeitneu (Cruth buataise)

(Cás T-483/20)

(2022/C 119/45)

Teanga an cháis: an Béarla

Níl san Iris Oifigiúil seo ach na fógraí maidir le cásanna ar cuireadh clabhsúr leo roimh an 1 Eanáir 2022 agus mar sin níl leagan Gaeilge ar fáil.

Breithiúnas na Cúirte Ginearálta an 26 Eanáir 2022 – Kedrion v EMA**(Cás T-570/20)**

(2022/C 119/46)

Teanga an cháis: an Iodáilis

Níl san Iris Oifigiúil seo ach na fógraí maidir le cásanna ar cuireadh clabhsúr leo roimh an 1 Eanáir 2022 agus mar sin níl leagan Gaeilge ar fáil.

Breithiúnas na Cúirte Ginearálta an 26 Eanáir 2022 – MN v Europol**(Cás T-586/20) ⁽¹⁾****(“Seirbhís shibhialta – Gníomhairí sealadacha – Gan conradh ar théarma seasta a athnuachan ar feadh tréimhse éiginnte – Earráid fhollasach measúnaithe”)**

(2022/C 119/47)

*Teanga an cháis: an Fhraincis***Páirtithe***Iarratasóir:* MN (ionadaí: S. Orlandi, dlíodóir)*Cosantóir:* Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh i ndáil le Comhar i bhForfheidhmiú an Dlí (ionadaithe: A. Nunzi, O. Sajin agus C. Falmagne, i gcáil Gníomhairí, le tacaíocht ó D. Waelbroeck agus A. Duron, dlíodóirí)**Maidir le:**

Iarratas bunaithe ar Airteagal 270 CFAE lena n-iarrtar, ar an gcéad dul síos, cinneadh Europol an 6 Márta 2020 gan conradh fostaíochta an iarratasóra a athnuachan ar feadh tréimhse éiginnte a neamhniú agus, ar an dara dul síos, ar chúiteamh as an damáiste morálta a d’fhulaing an t-iarratasóir dá bharr.

An chuid oibríochtúil

- 1) Diúltaítear don achomharc.
- 2) Ordaítear do MN na costais a íoc.

⁽¹⁾ IO C 433, 14.12.2020.

Breithiúnas na Cúirte Ginearálta an 12 Eanáir 2022 – MW v An Coimisiún**(Cás T-630/20)**

(2022/C 119/48)

Teanga an cháis: an Fhraincis

Níl san Iris Oifigiúil seo ach na fógraí maidir le cásanna ar cuireadh clabhsúr leo roimh an 1 Eanáir 2022 agus mar sin níl leagan Gaeilge ar fáil.

Breithiúnas na Cúirte Ginearálta an 12 Eanáir 2022 – Verelst v an Chomhairle(Cás T-647/20) ⁽¹⁾

(“Dlí institiúideach – Comhar feabhsaithe maidir le bunú Oifig an Ionchúisitheora Phoiblí Eorpaigh – Rialachán (AE) 2017/1939 – Ceapachán Ionchúisitheoirí Poiblí Eorpacha chuig Oifig an Ionchúisitheora Phoiblí Eorpaigh – Ceapachán duine de na hiarrthóirí arna n-ainmniú ag an mBeilg – Na rialacha is infheidhme maidir le hIonchúisitheoirí Poiblí Eorpacha a cheapadh”)

(2022/C 119/49)

Teanga an cháis: an Fhraincis

Páirtithe

Iarratasóir: Jean-Michel Verelst (Éghezée, an Bheilg) (ionadaí: C. Molitor, dlíodóir)

Cosantóir: Comhairle an Aontais Eorpaigh (ionadaithe: K. Pleśniak, R. Meyer agus K. Kouri, i gcáil Gníomhairí)

Idiragraí, mar thaca leis an gcosantóir: Ríocht na Beilge (ionadaithe: C. Pochet, M. Van Regemorter agus M. Jacobs, i gcáil Gníomhairí)

Maidir le:

Iarratas bunaithe ar Airteagal 263 CFAE lena n-iarrrtar go ndéanfaí Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2020/1117 ón gComhairle an 27 Iúil 2020 lena gceaptar na hIonchúisitheoirí Poiblí Eorpacha chuig Oifig an Ionchúisitheora Phoiblí Eorpaigh (IO 2020, L 244, lch. 18) a neamhniú, a mhéid a cheaptar leis Yves van den Berge mar Ionchúisitheoir Phoiblí Eorpach ag Oifig an Ionchúisitheora Phoiblí Eorpaigh agus a dhiúltaítear leis d'iarratas an iarratasóra.

An chuid oibríochtúil

- 1) Diúltaítear don achomharc.
- 2) Ordaítear do Jean-Michel Verelst na costais a thabhaigh Comhairle an Aontais Eorpaigh a íoc, i dteannta a chostais féin.
- 3) Ordaítear do Ríocht na Beilge a costais féin a íoc.

⁽¹⁾ IO C 9, 11.1.2021.

Breithiúnas na Cúirte Ginearálta an 19 Eanáir 2022 – Masterbuilders, Heiermann, Schmidtman v EUIPO – Cirillo (POMODORO)

(Cás T-76/21)

(2022/C 119/50)

Teanga an cháis: an Béarla

Níl san Iris Oifigiúil seo ach na fógraí maidir le cásanna ar cuireadh clabhsúr leo roimh an 1 Eanáir 2022 agus mar sin níl leagan Gaeilge ar fáil.

Breithiúnas na Cúirte Ginearálta an 19 Eanáir 2022 – Construcciones Electromecánicas Sabero v EUIPO – Magdalenas de las Heras (Heras Bareche)

(Cás T-99/21)

(2022/C 119/51)

Teanga an cháis: an Spáinnis

Níl san Iris Oifigiúil seo ach na fógraí maidir le cásanna ar cuireadh clabhsúr leo roimh an 1 Eanáir 2022 agus mar sin níl leagan Gaeilge ar fáil.

Breithiúnas na Cúirte Ginearálta an 12 Eanáir 2022 – Laboratorios Ern v EUIPO – Malpricht (APIRETAL)**(Cás T-160/21)**

(2022/C 119/52)

Teanga an cháis: an Béarla

Níl san Iris Oifigiúil seo ach na fógraí maidir le cásanna ar cuireadh clabhsúr leo roimh an 1 Eanáir 2022 agus mar sin níl leagan Gaeilge ar fáil.

Breithiúnas na Cúirte Ginearálta an 12 Eanáir 2022 – Neolith Distribution v EUIPO (Léiriú de phátrún ornáideach)**(Cás T-259/21)**

(2022/C 119/53)

Teanga an cháis: an Spáinnis

Níl san Iris Oifigiúil seo ach na fógraí maidir le cásanna ar cuireadh clabhsúr leo roimh an 1 Eanáir 2022 agus mar sin níl leagan Gaeilge ar fáil.

Breithiúnas na Cúirte Ginearálta an 19 Eanáir 2022 – Estetica Group Iwona Michalak v EUIPO (PURE BEAUTY)**(Cás T-270/21) ⁽¹⁾**

(“Trádmharc an Aontais Eorpaigh – Iarratas ar thrádmharc fíortha de chuid an Aontais Eorpaigh ‘PURE BEAUTY’ – Dearbhfhórais le diúltú – Easpa saintréithe – Airteagal 7(1)(b) de Rialachán (AE) 2017/1001”)

(2022/C 119/54)

*Teanga an cháis: an Pholainnis***Páirtithe**

Iarratasóir: Estetica Group Iwona Michalak (Vársá, an Pholainn) (ionadaí: P. Gutowski, Dlíodóir)

Cosantóir: Oifig Maoine Intleachtúla an Aontais Eorpaigh (ionadaí: D. Walicka, i gcáil Gníomhaire)

Maidir le:

Caingean arna tabhairt i gcoinne chinneadh an chúigiú bord achomhairc de EUIPO an 16 Márta 2021 (Cás R 1456/2020-5), maidir le hiarratas ar an gcomhartha fíortha “PURE BEAUTY” a chlárú mar thrádmharc de chuid an Aontais Eorpaigh.

An chuid oibríochtúil

- 1) Diúltaítear don achomharc.
- 2) Ordaítear do Estetica Group Iwona Michalak na costais a íoc.

⁽¹⁾ IO C 278, 12.7.2021.

Breithiúnas na Cúirte Ginearálta an 26 Eanáir 2022 – CNH Industrial v EUIPO (SOILXPLORER)**(Cás T-300/21)**

(2022/C 119/55)

Teanga an cháis: an Béarla

Níl san Iris Oifigiúil seo ach na fógraí maidir le cásanna ar cuireadh clabhsúr leo roimh an 1 Eanáir 2022 agus mar sin níl leagan Gaeilge ar fáil.

Breithiúnas na Cúirte Ginearálta an 26 Eanáir 2022 – CNH Industrial v EUIPO (CROXPLOER)**(Cás T-301/21)**

(2022/C 119/56)

Teanga an cháis: an Béarla

Níl san Iris Oifigiúil seo ach na fógraí maidir le cásanna ar cuireadh clabhsúr leo roimh an 1 Eanáir 2022 agus mar sin níl leagan Gaeilge ar fáil.

Ordú na Cúirte Ginearálta an 4 Eanáir 2022 – CR agus CT v BCE**(Cás T-730/19)**

(2022/C 119/57)

Teanga an cháis: an Béarla

Níl san Iris Oifigiúil seo ach na fógraí maidir le cásanna ar cuireadh clabhsúr leo roimh an 1 Eanáir 2022 agus mar sin níl leagan Gaeilge ar fáil.

Ordú na Cúirte Ginearálta an 19 Eanáir 2022 – FC v EASO**(Cás T-148/20) ⁽¹⁾**

(Caingean le haghaidh neamhniú – Seirbhís shibhialta – Gníomhairí sealadacha – Diúltú do litir mholta a chur ar fáil – Diúltú glacadh leis an éirí as oifig a tharraingt siar – Beart go hiomlán dearbhaithe – Spriodcháta chun gearán a dhéanamh – Neamhrialacht an nós imeachta réamhdhlíthíochta – Do-ghlacthacht – Caingean le haghaidh damáistí – Dlúthnasc leis na héilimh le haghaidh neamhniú – Do-ghlacthacht)

(2022/C 119/58)

*Teanga an cháis: an Ghréigis***Páirtithe**

Iarratasóir: FC (ionadaí: V. Christianos, Dlíodóir)

Cosantóir: An Oifig Tacaíochta Eorpach do Chúrsaí Tearmainn (ionadaithe: P. Eyckmans agus M. Stamatopoulou, i gcáil Gníomhairí, le cúnaimh ó A. Guillerme agus T. Bontinck, Dlíodóirí)

Maidir le:

Iarratas bunaithe ar Airteagal 270 CFAE, ar thaobh amháin, chun cinneadh ó EASO (*faoi rún*) a neamhniú, lena ndiúltaítear glacadh le héirí as oifig an iarratasóra a tharraingt siar agus lena ndiúltaítear d'iarratas go n-eiseofar litir mholta agus don chinneadh lena ndiúltaítear gearán an iarratasóra dírithe ina choinne agus, ar an taobh eile, chun cúiteamh a fháil i leith damáistí ábhartha agus neamhábharta a líomhnaítear a rinneadh.

An chuid oibríochtúil

- 1) Diúltaítear don achomharc as bheith do-ghlactha.
- 2) Ordaítear do FC na costais a íoc.

⁽¹⁾ IO C 175, 25.5.2020.

Órdú na Cúirte Ginearálta an 21 Nollaig 2021 – Luna Italia v EUIPO – Luna (LUNA SPLENDIDA)**(Cás T-571/20)****(2022/C 119/59)***Teanga an cháis: an Béarla*

Níl san Iris Oifigiúil seo ach na fógraí maidir le cásanna ar cuireadh clabhsúr leo roimh an 1 Eanáir 2022 agus mar sin níl leagan Gaeilge ar fáil.

Ordú na Cúirte Ginearálta an 22 Nollaig 2021 – Guangdong Haomei New Materials agus Guangdong King Metal Light Alloy Technology v An Coimisiún**(Cás T-604/20)****(2022/C 119/60)***Teanga an cháis: an Iodáilis*

Níl san Iris Oifigiúil seo ach na fógraí maidir le cásanna ar cuireadh clabhsúr leo roimh an 1 Eanáir 2022 agus mar sin níl leagan Gaeilge ar fáil.

Ordú na Cúirte Ginearálta an 22 Nollaig 2021 – Guangdong Haomei New Materials agus Guangdong King Metal Light Alloy Technology v An Coimisiún**(Cás T-725/20)****(2022/C 119/61)***Teanga an cháis: an Iodáilis*

Níl san Iris Oifigiúil seo ach na fógraí maidir le cásanna ar cuireadh clabhsúr leo roimh an 1 Eanáir 2022 agus mar sin níl leagan Gaeilge ar fáil.

Ordú na Cúirte Ginearálta an 17 Eanáir 2022 – Car-Master 2 v an Coimisiún**(Cás T-743/20) ⁽¹⁾**

(Iomaíocht – Cairtéal – Margadh deisithe mótarfheithiclí sa Pholainn – Cinneadh lena ndiúltaítear do ghearán – Airteagal 13(2) de Rialachán (CE) Uimh. 1/2003 – Cás á láimhseáil ag údarás iomaíochta náisiúnta – Achomharc gan bunús sa dlí)

(2022/C 119/62)*Teanga an cháis: an Pholainnis***Páirtithe**

Iarratasóir: Car-Master 2 sp. z o.o. sp.k. (Kraków, an Pholainn) (ionadaí: M. Miśkiewicz, Dlíodóir)

Cosantóir: An Coimisiún Eorpach (ionadaithe: G. Meessen, J. Szczodrowski agus I. Zaloguin, i gcáil Gníomhairí)

Maidir le:

Iarratas bunaithe ar Airteagal 263 CFAE chun Cinneadh C(2020) 7369 final ón gCoimisiún an 22 Deireadh Fómhair 2020 (Cás AT.40665 – Toyota Motor Poland) a neamhniú, ag diúltú do ghearán an iarratasóra maidir le sárúithe – líomhainte ar Airteagal 101 CFAE.

An chuid oibríochtúil

- 1) Diúltaítear don achomharc as bheith go follasach gan bunús sa dlí.
- 2) Ordaítear do Car-Master 2 sp. z o.o. sp.k. na costais a íoc.

⁽¹⁾ IO C 72, 1.3.2021.

Ordú na Cúirte Ginearálta an 14 Nollaig 2021 – McCord v An Coimisiún**(Cásanna T-161/21 agus T-161/21 AJ I)**

(2022/C 119/63)

Teanga an cháis: an Béarla

Níl san Iris Oifigiúil seo ach na fógraí maidir le cásanna ar cuireadh clabhsúr leo roimh an 1 Eanáir 2022 agus mar sin níl leagan Gaeilge ar fáil.

Órdú na Cúirte Ginearálta an 21 Nollaig 2021 – Kewazo v EUIPO (Liftbot)**(Cás T-205/21) ⁽¹⁾**

(2022/C 119/64)

Teanga an cháis: an Ghearmáinis

Tionscnaíodh an cás seo roimh an 1 Eanáir 2022, dáta deiridh an mhaolaithe ar an nGaeilge.

⁽¹⁾ IO C 217, 7.6.2021

Ordú na Cúirte Ginearálta an 22 Nollaig 2021 – D&A Pharma v EMA**(Cás T-381/21)**

(2022/C 119/65)

Teanga an cháis: an Fhraincis

Níl san Iris Oifigiúil seo ach na fógraí maidir le cásanna ar cuireadh clabhsúr leo roimh an 1 Eanáir 2022 agus mar sin níl leagan Gaeilge ar fáil.

Órdú na Cúirte Ginearálta an 4 Eanáir 2022 – Vivostore v EUIPO EUIPO – Linda (VIVO LIFE)**(Cás T-540/21)**

(2022/C 119/66)

Teanga an cháis: an Ghearmáinis

Níl san Iris Oifigiúil seo ach na fógraí maidir le cásanna ar cuireadh clabhsúr leo roimh an 1 Eanáir 2022 agus mar sin níl leagan Gaeilge ar fáil.

Órdú na Cúirte Ginearálta an 21 Eanáir 2022 – Santos v EUIPO (Cruth chantaoir citris)**(Cás T-574/21)**

(2022/C 119/67)

Teanga an cháis: an Fhraincis

Níl san Iris Oifigiúil seo ach na fógraí maidir le cásanna ar cuireadh clabhsúr leo roimh an 1 Eanáir 2022 agus mar sin níl leagan Gaeilge ar fáil.

Ordú Uachtarán na Cúirte Ginearálta an 22 Nollaig 2021 – Civitta Eesti v an Coimisiún**(Cás T-665/21 R)**

(2022/C 119/68)

Teanga an cháis: an Béarla

Níl san Iris Oifigiúil seo ach na fógraí maidir le cásanna ar cuireadh clabhsúr leo roimh an 1 Eanáir 2022 agus mar sin níl leagan Gaeilge ar fáil.

Ordú Uachtarán na Cúirte Ginearálta an 26 Eanáir 2022 – ICA Traffic v an Coimisiún**(Cás T-717/21 R)****(“Iarratas ar bhearta eatramhacha – Soláthar poiblí – Róbait díghalrúcháin a sholáthar – Iarratas ar bhearta sealadacha – Easpa práinne”)**

(2022/C 119/69)

*Teanga an cháis: an Ghearmáinis***Páirtithe**

Iarratasóir: ICA Traffic GmbH (Dortmund, an Ghearmáin) (ionadaithe: S. Hertwig agus C. Vogt, Dlíodóirí)

Cosantóir: An Coimisiún Eorpach (ionadaithe: L. Mantl, B. Araujo Arce agus M. Ilkova, i gcáil Gníomhairí)

Maidir le:

Iarratas, bunaithe ar Airteagail 278 agus 279 CFAE, ordú don Choimisiún, sa chéad áit, gan dul ar aghaidh le 100 róbait díghalrúcháin sa bhreis a cheannach, ar bhonn creatchonarthaí maidir le suas le 200 róbait díghalrúcháin a sheachadadh, a fógraíodh ina phreaseisiúint an 22 Meán Fómhair 2021, agus sa dara háit, gach beart eile is gá chun an *status quo* a choinneáil a dheonú.

An chuid oibríochtúil

- 1) Diúltaítear don iarratas ar bhearta eatramhacha.
- 2) Forchoimeádtar na costais.

Ordú Uachtarán na Cúirte Ginearálta an 24 Eanáir 2022 – Společnost pro eHealth databáze v an Coimisiún**(Cás T-731/21 R)****(“Iarratas ar bhearta eatramhacha – Comhaontú deontais arna thabhairt i gcrích mar chuid den Chláir Réime Iomaíochta agus Nuálaíochta (2007-2013) – Na suimeanna íoctha a aisghabháil – Iarratas ar oibriú ordaithe a fhionraí – Easpa práinne”)**

(2022/C 119/70)

*Teanga an cháis: an tSeicis***Páirtithe**

Iarratasóir: Společnost pro eHealth databáze, a.s (Prág, Poblacht na Seice) (ionadaí: P. Konečný, Dlíodóir)

Cosantóir: An Coimisiún Eorpach (ionadaithe: J. Estrada de Solà, B. Araujo Arce agus J. Hradil, i gcáil Gníomhairí)

Maidir le:

Iarratas, bunaithe ar Airteagail 278 agus 279 CFAE, ar oibriú Chinneadh C(2021) 6597 final ón gCoimisiún an 2 Meán Fómhair 2021 a fhionraí maidir le suim EUR 861 263 móide ús ar riaráistí agus méid de réir gach lae moille ón 1 Deireadh Fómhair 2021 a aisghabháil ón iarratasóir.

An chuid oibríochtúil

- 1) Diúltaítear don iarratas ar bhearta eatramhacha.
- 2) Forchoimeádtar na costais.

Caingean arna tabhairt an 10 Eanáir 2022 – uwe JetStream v EUIPO (JET STREAM)**(Cás T-14/22)**

(2022/C 119/71)

*Teanga an cháis: An Fhraincis***Páirtithe***Iarratasóir:* uwe JetStream GmbH (Schwäbisch Gmünd, an Ghearmáin) (ionadaí: J. Schneider, Dlíodóir)*Cosantóir:* Oifig Maoine Intleachtúla an Aontais Eorpaigh (EUIPO)**Sonraí na n-imeachtaí os comhair EUIPO***Trádmharc atá faoi cheist:* Clárú idirnáisiúnta lena n-ainmnítear an tAontas Eorpach i ndáil le focalmharc de chuid an Aontais Eorpaigh “JET STREAM” – iarratas ar chlárú Uimh. 20 809 111*Cinneadh atá faoi chonspóid:* Cinneadh ón gceathrú Bord Achomhairc de EUIPO an 9 Samhain 2021 i gcás R 1092/2021 – 4**An t-ordú atá á lorg***Iarrann an t-iarratasóir ar an gCúirt Ghinearálta:*

- an cinneadh atá faoi chonspóid agus cinneadh EUIPO ag an gcéad chéim an 15 Nollaig 2020 agus an 29 Aibreán 2021 a chur ar ceal;
- síneadh a chur leis an gcosaint ar chlárú idirnáisiúnta Uimh. 0809111 a údarú ar mhaithe lena chlárú san Aontas Eorpach;
- ordú a thabhairt do EUIPO na costais a íoc.

Saincheist dlí arna maíomh*Sárú ar Airteagal 7(1)(b) agus (c) de Rialachán (AE) 2017/1001 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle.*

Caingean arna tabhairt an 18 Eanáir 2022 – Polynt v ECHA**(Cás T-29/22)**

(2022/C 119/72)

*Teanga an cháis: an Béarla***Páirtithe***Iarratasóir:* Polynt SpA (Scanzorosciate, an Iodáil) (ionadaithe: C. Mereu agus S. Abdel-Qader, Dlíodóirí)*Cosantóir:* an Ghníomhaireacht Eorpach Ceimiceán**An t-ordú atá á lorg***Iarrann an t-iarratasóir ar an gCúirt Ghinearálta:*

- a dhearbhu go bhfuil an t-iarratas inghlactha agus go bhfuil bunús maith leis;

- cinneadh Bhord Achomhairc ECHA an 9 Samhain 2021 i gcás A-009-2020 a chur ar ceal;
- a dhearbhu – nó a ordú don ECHA cinneadh nua a ghlacadh lena ndearbhaítear – go bhfuil an t-iarratasóir fuascailte ón oibleagáid aon fhaisnéis bhreise a chur ar fáil don ECHA i ndiaidh scoradh den táirgeadh de dheasca *force majeure*; agus
- a ordú don ECHA costais uile na n-imeachtaí seo agus iad sin arna tabhú ag an iarratasóir sna himeachtaí os comhair an Bhoird Achomhairc agus aisíocaíocht a dhéanamh i ndáil leis na táillí arna íoc faoi na himeachtaí sin.

Saincheistanna dlí agus príomhargóintí.

Mar thaca leis an gcaingean, maíonn an t-iarratasóir sé shaincheist dlí.

1. An chéad saincheist dlí lena n-éilítear go ndearna an Bord Achomhairc earráid dlí nuair a chinn sé nach bhfuasclaíonn scoradh de tháirgeadh na substainte aigéad 1,3-dé-ocsa-2-beansófúrán-5-carbocsaileach le nonan-1-ol (Uimhir CE 941-303-6) (“an tsubstaint”) de dheasca *force majeure* an t-iarratasóir ón oibleagáid faisnéis a sholáthar arna iarraidh leis an gcinneadh maidir le seiceáil tosaigh an chomhlíonta maidir leis an tsubstaint.
2. An dara saincheist dlí lena n-éilítear go ndearna an Bord Achomhairc an fhianaise ar taifead a shaobhadh agus ar an mbonn sin gur (i) tháinig sé ar chonclúid dlí mhícheart agus (ii) cheangal sé ar an iarratasóir fianaise a thabhairt trí thagairt do hipitéis nár tugadh bunús leis.
3. An tríú saincheist dlí lena n-éilítear go ndearna an Bord Achomhairc Airteagail 42(1) agus 50(2) de Rialachán (CE) Uimh. 1907/2006 (“REACH”) ⁽¹⁾ a léirmhíniú agus a chur i bhfeidhm go mícheart.
4. An ceathrú saincheist dlí lena n-éilítear go ndearna an Bord Achomhairc Airteagal 5 agus 6 den REACH a léirmhíniú agus a chur i bhfeidhm go mícheart.
5. An cúigiú saincheist dlí lena n-éilítear gur chinn an Bord Achomhairc go mícheart nach raibh an treoir arna fáil ar shuíomh idirlín ECHA maidir le hiarmhairtí scortha de tháirgeadh ina chúis le forchinntiú beacht an iarratasóra agus nár sháraigh ECHA prionsabal na deimhneachta dlíthiúla agus an prionsabal i dtaobh ionchais dhlisteanacha a chosaint.
6. An séú saincheist dlí lena n-éilítear go ndearna an Bord Achomhairc prionsabal na comhréireachta agus an ceart chun dea-riaracháin a léirmhíniú agus a chur i bhfeidhm go mícheart.

⁽¹⁾ Rialachán (CE) Uimh. 1907/2006 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 18 Nollaig 2006 maidir le Clárú, Meastóireacht, Údarú agus Srianadh Ceimiceán (REACH), lena mbunaítear Gníomhaireacht Eorpach Ceimiceán, lena leasaítear Treoir 1999/45/CE agus lena n-aisghairtear Rialachán (CEE) Uimh. 793/93 ón gComhairle agus Rialachán (CE) Uimh. 1488/94 ón gCoimisiún chomh maith le Treoir 76/769/CEE ón gComhairle agus Treoir 91/155/CEE ón gCoimisiún, Treoir 93/67/CEE ón gCoimisiún, Treoir 93/105/CE ón gCoimisiún agus Treoir 2000/21/CE ón gCoimisiún (IO 2006 L 396, lch. 1).

Caingean arna tabhairt an 18 Eanáir 2022 – Sanoptis Pharma v EUIPO (SANOPTIS)

(Cás T-30/22)

(2022/C 119/73)

Teanga inar taisceadh an t-iarratas: an Béarla

Páirtithe

Iarratasóir: Sanoptis Sàrl (Lucsamburg, Lucsamburg) (ionadaí: S. Rost, Dlíodóir)

Cosantóir: Oifig Maoine Intleachtúla an Aontais Eorpaigh (EUIPO)

Páirtí eile sna himeachtaí os comhair an Bhoird Achomhairc: Synoptis Pharma sp. z o.o. (Vársa, an Pholainn)

Sonraí na n-imeachtaí os comhair EUIPO

Iarratasóir an trádmhairc faoi cheist: Iarratasóir os comhair na Cúirte Ginearálta

Trádmharc atá faoi cheist: Iarratas ar fhocalmharc de chuid an Aontais Eorpaigh “SANOPTIS” – Iarratas ar chlárú Uimh. 17 934 770

Nós imeachta os comhair EUIPO: Imeachtaí freasúra

Cinneadh atá faoi chonspóid: Cinneadh ón gceathrú Bord Achomhairc de EUIPO an 18 Samhain 2021 i gCás R 850/2021-4

An t-ordú atá á lorg

Iarrann an t-iarratasóir ar an gCúirt Ghinearálta:

- an cinneadh atá faoi chonspóid a chur ar neamhní;
- a ordú do EUIPO a chostais féin agus na costais arna dtabhú ag an iarratasóir a íoc;
- a ordú don idiragraí a chostais féin a íoc.

Saincheisteanna dlí arna maíomh

- Sárú ar Airteagal 94(1) de Rialachán (AE) 2017/1001 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle de bharr gur mainníodh cúiseanna a thabhairt sa chinneadh atá faoi chonspóid;
- Sárú ar Airteagal 8(1)(b) de Rialachán (AE) 2017/1001 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle.

Caingean arna tabhairt an 19 Eanáir 2022 – Vallegre v EUIPO – Joseph Phelps Vineyards (PORTO INSÍGNIA)

(Cás T-33/22)

(2022/C 119/74)

Teanga an cháis: an Béarla

Páirtithe

Iarratasóir: Vallegre, Vinhos do Porto, SA (Sabrosa, an Phortaingéil) (ionadaithe: E. Armero Lavie agus G. Marín Raigal, Dlíodóirí)

Cosantóir: Oifig Maoine Intleachtúla an Aontais Eorpaigh (EUIPO)

Páirtí eile sna himeachtaí os comhair an Bhoird Achomhairc: Joseph Phelps Vineyards LLC (St. Helena, California, na Stáit Aontaithe)

Sonraí na n-imeachtaí os comhair EUIPO

Iarratasóir an trádmhairc atá faoi cheist: Iarratasóir os comhair na Cúirte Ginearálta

Trádmharc atá faoi cheist: Iarratas ar fhocalmharc de chuid an Aontais Eorpaigh “PORTO INSÍGNIA” – Iarratas ar chlárú Uimh. 16 393 688

Nós imeachta os comhair EUIPO: Imeachtaí freasúra

Cinneadh atá faoi chonspóid: Cinneadh ón gcúigiú Bord Achomhairc de EUIPO an 26 Deireadh Fómhair 2021 i gCás R 894/2021-5

An t-ordú atá á lorg

Iarrann an t-iarratasóir ar an gCúirt Ghinearálta:

- an cinneadh atá faoi chonspóid a chur ar neamhní;
- a ordú do EUIPO agus don idiragraí na costais a íoc.

Saincheist dlí arna maíomh

- Sárú ar Airteagal 8(1)(b) de Rialachán (AE) 2017/1001 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle tráth an mheasúnaithe earráidigh ar na marcanna coinbhleachta.
-

Caingean arna tabhairt an 20 Eanáir 2022 – Kaminski v EUIPO – Polfarmex (SYRENA)**(Cás T-35/22)**

(2022/C 119/75)

*Teanga inar taisceadh an t-iarratas: an Béarla***Páirtithe**

Iarratasóir: Arkadiusz Kaminski (Etobicoke, Ontario, Ceanada) (ionadaithe: W. Trybowski, E. Pijewska agus M. Mazurek, Dlíodóirí)

Cosantóir: Oifig Maoine Intleachtúla an Aontais Eorpaigh (EUIPO)

Páirtí eile sna himeachtaí os comhair an Bhoird Achomhairc: Polfarmex S.A. (Kutno, an Pholainn)

Sonraí na n-imeachtaí os comhair EUIPO

Dílseánach an trádmhairc faoi cheist: Iarratasóir os comhair na Cúirte Ginearálta

Trádmharc atá faoi cheist: focalmharc de chuid an Aontais Eorpaigh “SYRENA” – Trádmharc de chuid an Aontais Eorpaigh Uimh. 9 262 767

Nós imeachta os comhair EUIPO: Imeachtaí maidir le cúlghairm

Cinneadh atá faoi chonspóid: Cinneadh ón gcéad Bhord Achomhairc de EUIPO an 26 Deireadh Fómhair i gCásanna Uamtha R 1952/2020-1 agus R 1953/2020-1

An t-ordú atá á lorg

Iarrann an t-iarratasóir ar an gCúirt Ghinearálta:

— an cinneadh atá faoi chonspóid a athrú sa chuid lena mbaineann an t-achomharc i gcás R 1952/2020-1, arb é sin, i ndáil le pointí 2, 3, 4 agus 6 den chuid oibríochtúil den chinneadh atá faoi chonspóid, tríd an achomharc i gcás R 1952/2020-1 a dhíbhe, trína dhearbhu go leanann an trádmharc “SYRENA” de bheith cláraithe le haghaidh “carranna” in Aicme 12 agus trína ordú do Polfarmex S.A. costais an iarratasóra i ndáil leis na himeachtaí achomhairc i gcás R 1952/2020-1 a íoc.

— a ordú do EUIPO agus Polfarmex costais na n-imeachtaí a íoc.

nó mar mhalairt air sin:

— an cinneadh atá faoi chonspóid sa chuid thuasluaite a neamhniú, i.e. a mhéid a chúlghair an Bord Achomhairc clárú an trádmhairc “SYRENA” (Trádmharc de chuid an Aontais Eorpaigh Uimh. 9 262 767) i ndáil le “carranna” nach “carranna rásaíochta” in Aicme 12;

— a ordú do EUIPO agus Polfarmex na costais a íoc.

Saincheisteanna dlí arna maíomh

— Sárú ar Airteagal 72(6) de Rialachán (AE) 2017/1001 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle;

— Sárú ar Airteagail 18(1), 58(1)(a) agus (2) de Rialachán (AE) 2017/1001 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle;

— Sárú ar Airteagail 18(1), 58(1)(a) agus (2) agus 94(1) de Rialachán (AE) 2017/1001 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle.

**Caingean arna tabhairt an 21 Eanáir 2022 – Sanrio v EUIPO – Miroglio Fashion
(SANRIO CHARACTERS)**

(Cás T-43/22)

(2022/C 119/76)

Teanga an cháis: an Béarla

Páirtithe

Iarratasóir: Sanrio Co. Ltd (Tóiceo, an tSeapáin) (ionadaí: V. Schmitz-Fohrmann, Dlíodóir)

Cosantóir: Oifig Maoine Intleachtúla an Aontais Eorpaigh (EUIPO)

Páirtí eile sna himeachtaí os comhair an Bhoird Achomhairc: Miroglio Fashion Srl (Alba, an Iodáil)

Sonraí na n-imeachtaí os comhair EUIPO

Iarratasóir an trádmhairc faoi cheist: An t-iarratasóir os comhair na Cúirte Ginearálta

Trádmharc atá faoi cheist: Iarratas ar fhocalmharc de chuid an Aontais Eorpaigh “SANRIO CHARACTERS” – Iarratas ar chlárú Uimh. 12 565 974

Nós imeachta os comhair EUIPO: Imeachtaí freasúra

Cinneadh atá faoi chonspóid: Cinneadh ón dara Bord Achomhairc de EUIPO an 16 Samhain 2021 i gCás R 2460/2020-2

An t-ordú atá á lorg

Iarrann an t-iarratasóir ar an gCúirt Ghinearálta:

- an cinneadh atá faoi chonspóid a chur ar neamhní sa mhéid gur seasadh leis an gcur ina choinne agus gur diúltaíodh d'iarratas trádmhairc an Aontais Eorpaigh Uimh. 12 565 974 agus diúltú don chur ina choinne ina iomláine;
- a ordú do EUIPO na costais a íoc.

Saincheist dlí arna maíomh

- Rinne an Bord Achomhairc measúnú foriomlán mícheart ar an dóchúlacht go mbeadh mearbhall ann idir an dá thrádmharc.

**Caingean arna tabhairt an 24 Eanáir 2022 – International Masis Tabak v EUIPO – Philip Morris Brands
(Léiriú de phaicéad toitíní)**

(Cás T-44/22)

(2022/C 119/77)

Teanga an cháis: an Béarla

Páirtithe

Iarratasóir: International Masis Tabak LLC (Masis, an Airméin) (ionadaithe: C. Bercial Arias agus K. Dimidjian-Lecompte, dlíodóirí)

Cosantóir: Oifig Maoine Intleachtúla an Aontais Eorpaigh (EUIPO)

Páirtí eile sna himeachtaí os comhair an Bhoird Achomhairc: Philip Morris Brands Sàrl (Neuchâtel, an Eilvéis)

Sonraí na n-imeachtaí os comhair EUIPO

Dílseánach an trádmhairc faoi cheist: An t-iarratasóir os comhair na Cúirte Ginearálta

Trádmharc atá faoi cheist: Clárú idirnáisiúnta lena n-ainmnítear an tAontas Eorpach i ndáil leis an marc fiortha (Léiriú de phaicead toitiní) – Clárú idirnáisiúnta lena n-ainmnítear an tAontas Eorpach Uimh. 1 434 506

Nós imeachta os comhair EUIPO: Imeachtaí freasúra

Cinneadh atá faoi chonspóid: Cinneadh ón gcúigiú Bord Achomhairc de EUIPO an 15 Samhain 2021 i gCás R 261/2021-5

An t-ordú atá á lorg

Iarrann an t-iarratasóir ar an gCúirt Ghinearálta:

- seasamh leis an achomharc agus an cinneadh atá faoi chonspóid a chur ar neamhní;
- a ordú do EUIPO agus don idiragraí, más iomchuí, na costais arna dtabhú ag an iarratasóir os comhair na Cúirte Ginearálta a íoc.

Saincheist dlí arna maíomh

- Sárú ar Airteagal 8(5) de Rialachán (AE) 2017/1001 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle.

Caingean arna tabhairt an 28 Eanáir 2022 – Santos v EUIPO (Cruth fáiscire chitrih)

(Cás T-51/22)

(2022/C 119/78)

Teanga an cháis: an Fhraincis

Páirtithe

Iarratasóir: Santos (Vaulx-en-Velin, an Fhrainc) (ionadaí: C. Bey, Dlíodóir)

Cosantóir: Oifig Maoine Intleachtúla an Aontais Eorpaigh (EUIPO)

Sonraí na n-imeachtaí os comhair EUIPO

Trádmharc atá faoi cheist: Iarratas ar thrádmharc tríthoiseach de chuid an Aontais Eorpaigh (Cruth fáiscire chitrih) le héileamh datha (buí Pantone 1235 C; glas NCS S 3050-G50Y) – Iarratas ar chlárú Uimh. 18 005 754

Cinneadh atá faoi chonspóid: Cinneadh ón gcéad Bhord Achomhairc de EUIPO an 29 Samhain 2021 i gcás R 281/2020-1

An t-ordú atá á lorg

Iarrann an t-iarratasóir ar an gCúirt Ghinearálta:

- an cinneadh atá faoi chonspóid a chur ar neamhní;
- a ordú do EUIPO na costais a íoc, lena n-áirítear na costais arna dtabhú ag an iarratasóir chun críocha an nós imeachta os comhair an chéad Bhord Achomhairc de EUIPO.

Saincheisteanna dlí arna maíomh

- Sárú ar Airteagal 165(2) agus (5) de Rialachán (AE) 2017/1001 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, ar Airteagal 36 de Rialachán Tarmlichte (AE) 2018/625 ón gCoimisiún agus ar Airteagal 7 de Chinneadh 2020-7 ó Praesidium na mBord Achomhairc maidir le heagrúchán na mBord Achomhairc.
 - Sárú ar Airteagal 7 de Rialachán (AE) 2017/1001 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle.
-

Caingean arna tabhairt an 23 Eanáir 2022 – Swords v an Coimisiún agus ECDC**(Cás T-55/22)**

(2022/C 119/79)

*Teanga an cháis: an Béarla***Páirtithe***Iarratasóir:* Patrick Swords (Baile Átha Cliath, Éire) (ionadaí: G. M. Byrne, Abhcóide)*Cosantóirí:* An Coimisiún Eorpach agus an Lárionad Eorpach um Ghalair a Chosc agus a Rialú**An t-ordú atá á lorg**

Iarrann an t-iarratasóir ar an gCúirt Ghinearálta:

- measúnú riosca ECDC an 24 Samhain 2021, ráiteas ECDC an 24 Samhain 2021, measúnuithe ar an mbagairt de chuid ECDC an 26 Samhain 2021 agus an 2 Nollaig 2021 agus measúnú riosca ECDC an 15 Nollaig 2021 a neamhniú;
- a dhearbhu go bhfuil an teachtaireacht ón gCoimisiún chuig an bParlaimint, an Chomhairle, Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa agus Coiste na Réigiún an 1 Nollaig 2021 mar aon le cur chuige comhordaithe an Choimisiúin agus an Choiste Slándála Sláinte an 10 Nollaig 2021 neamhinfeidhme de bhun Airteagal 277 CFAE; agus
- a ordú do na cosantóirí na costais a íoc.

Saincheisteanna dlí agus príomhargóintí

Mar thaca leis an gcaingean, maíonn an t-iarratasóir ceithre shaincheist dlí.

1. An chéad shaincheist dlí: éilíonn an t-iarratasóir gur theip ar ECDC ceanglais nós imeachta bhunriachtanacha a chomhlíonadh, lena n-áirítear a rialacha inmheánacha féin agus a chóid dea-iompraíochta riaracháin. Áitítear gur thug ECDC neamhaird ar mhodheolaíocht measúnaithe riosca aitheanta, gur theip air cloí leis na caighdeáin riachtanacha, lena n-áirítear sármhaitheas agus neamhspleáchas eolaíoch, agus gur theip air a chuid oibleagáidí dlíthiúla a chomhlíonadh i dtáirgeadh agus i bhfoilsíú na ngníomhartha a chonspóidtear. Áitítear freisin go bhfuil na tuarascálacha measúnaithe riosca a chonspóidtear thar a bheith míthreorach agus scaollmhar, a raibh a n-éifeachtaí intuartha do ECDC agus soiléir roimh ré mar gheall ar an muinín a chuir institiúidí an Aontais agus na Ballstát araon sna tuarascálacha sin.
2. An dara saincheist dlí: éilíonn an t-iarratasóir gur sháraigh ECDC Conarthaí AE, gur thug sé neamhaird ar an smacht reachta, gur sháraigh sé a chearta bunúsacha trí mhainneachtain a dhualgais agus a oibleagáidí a leagtar amach i gConarthaí AE a chomhlíonadh i dtáirgeadh agus i bhfoilsíú na ngníomhartha a chonspóidtear.
3. An tríú saincheist dlí: éilíonn an t-iarratasóir gur sháraigh ECDC, agus na gníomhartha a chonspóidtear á dtáirgeadh agus á bhfoilsíú aige, prionsabail ghinearálta de dhlí AE lena n-áirítear prionsabal na comhréireachta, prionsabal na deimhneachta dlíthiúla agus prionsabal an ionchais dhlisteanigh, chomh maith le cearta bunúsacha an iarratasóra a shárú.
4. An ceathrú saincheist dlí: éilíonn an t-iarratasóir gur bhain ECDC mí-úsáid as a chuid cumhachtaí
5. Déanann an t-iarratasóir freisin agóid maidir le neamh-infeidhmeacht, de bhun Airteagal 277 CFAE, i ndáil leis an teachtaireacht ón gCoimisiún chuig an bParlaimint, an Chomhairle, Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa agus Coiste na Réigiún an 1 Nollaig 2021 mar aon le cur chuige comhordaithe an Choimisiúin agus an Choiste Slándála Sláinte an 10 Nollaig 2021. Áitítear, ó ceapadh agus foilsíodh na ngníomhartha thuasluaite de bhun na measúnuithe riosca ECDC a chonspóidtear, gur neamhdhleathach iad dá réir sin.

Caingean arna tabhairt an 28 Eanáir 2022 – An Ungáir v An Coimisiún**(Cás T-57/22)**

(2022/C 119/80)

*Teanga an cháis: an Ungáiris***Páirtithe***Iarratasóir:* an Ungáir (ionadaithe: M. Z. Fehér agus G. Koós, Gníomhairí)*Cosantóir:* an Coimisiún Eorpach**An t-ordú atá á lorg**

Iarrann an t-iarratasóir ar an gCúirt Ghinearálta:

— Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2021/2020 ón gCoimisiún an 17 Samhain 2021 a neamhniú, lena n-eisítear ó mhaoiniú an Aontais Eorpaigh caiteachas áirithe arna thabhtú ag na Ballstáit faoin gCiste Eorpach um Ráthaíocht Talmhaíochta (CERT) agus faoin gCiste Eorpach Talmhaíochta um Fhorbairt Tuaithe (CETFT), ⁽¹⁾ sa mhéid a bhaineann leis an Ungáir agus lena n-eisítear ó mhaoiniú an Aontais Eorpaigh an chabhair airgeadais a bunaíodh don bhliain airgeadais 2018-2019 lena dtagraítear d'easnamh i bhfeidhmiú na seiceálacha bunúsacha “seiceálacha chun rochtain a fháil ar an gcabhair arna hiarraidh” agus “ríomh ceart na cabhrach, lena n-áirítear laghduithe agus pionóis riaracháin”.

— a ordú don Choimisiún na costais a íoc.

Saincheisteanna dlí agus príomhargóintí

Áitíonn Rialtas na hUngáire nár sháraigh an Ungáir na forálacha maidir le seiceálacha chun rochtain a fháil ar an gcabhair arna hiarraidh agus nár ríomhadh luach na táirgeachta arna margú ag gach eagraíocht táirgeoirí go mícheart. Tá an cleachtas arna leanúint ag an Ungáir i gcomhréir le hAirteagal 42 agus 50(7) de Rialachán 543/2011. ⁽²⁾ Áitíonn sé chomh maith gur cheart go dtuigfí nach ann d'aon easnamh ach an oiread i ndáil le seiceálacha incháilitheachta na gclár oibríochtúil agus gur ghníomhaigh an Ungáir i gcomhréir le hAirteagal 104(2) de Rialachán 543/2011.

Tá an Ungáir tar éis bearta ceartaitheacha leordhóthanacha a chur i bhfeidhm i ndáil leis na measúnuithe lena mbaineann an dara heasnamh i bhfeidhmiú na seiceála bunúsaí (“ríomh ceart na cabhrach, lena n-áirítear laghduithe agus pionóis riaracháin”) agus ar an gcúis sin, níl údar maith le cur i bhfeidhm an cheartaithe airgeadais i leith na gcostas a bhaineann leis na blianta airgeadais 2018 agus 2019.

⁽¹⁾ IO 2021, L 413, p. 10.

⁽²⁾ Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 543/2011 ón gCoimisiún an 7 Meitheamh 2011 lena leagtar síos rialacha mionsonraithe maidir le cur i bhfeidhm Rialachán (CE) Uimh. 1234/2007 i ndáil le hearnálacha na dtorthaí agus na nglasraí agus na dtorthaí agus na nglasraí próiseáilte (IO 2011, L 157, lch. 1)

Caingean arna tabhairt an 31 Eanáir 2022 – OD v EUROJUST**(Cás T-61/22)**

(2022/C 119/81)

*Teanga an cháis: an Fhraincis***Páirtithe***Iarratasóir:* OD (ionadaí: N. de Montigny, Dlíodóir)*Cosantóir:* Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Chomhar Ceartais Choiriúil**An t-ordú atá á lorg**

Iarrann an t-iarratasóir ar an gCúirt Ghinearálta:

— cinneadh an 17 Meitheamh 2021 a chur ar neamhní;

- cinneadh an 21 Deireadh Fómhair 2021 a chur ar neamhní, de réir mar is gá, a mhéid a tugtar cúiseanna breise leis;
- a ordú don Ghníomhaireacht suas le EUR 35 000 *ex aequo et bono* a chúiteamh don iarratasóir as na damáistí síceolaíocha, ábhartha agus neamhábhhartha;
- a ordú don chosantóir na costais a íoc.

Saincheisteanna dlí agus príomhargóintí.

Mar thaca leis an gcaingean, maíonn an t-iarratasóir ceithre shaincheist dlí.

1. An chéad saincheist dlí lena n-éilítear sárú ar phrionsabal na rúndachta a bhaineann leis an iarratas ar chúnamh agus gur chosúil nár phléigh Eurojust le comhad an iarratasóra go neamhchlaonta.
2. An dara saincheist dlí lena n-éilítear nach raibh an Stiúrthóir Riaracháin inniúil chun an cinneadh faoi chonspóid a ghlacadh, mar gheall ar choimhlínt leasa, nach raibh sé neamhchlaonta i leith an iarratasóra, nó ar a laghad gur chosúil nach raibh sé neamhchlaonta, gur sáraíodh na rialacha maidir le húdarás a bhfuil sé de chumhacht aige conarthaí fostaíochta a thabhairt i gcrích i gcás neamh-inniúlacht i leith idirghabháil i ionadú.
3. An tríú saincheist dlí lena n-éilítear go bhfuil mí-úsáid nóis imeachta agus mí-úsáid chumhachta déanta ag an Stiúrthóir Riaracháin.
4. An ceathrú saincheist dlí lena n-éilítear go ndearnadh an t-iarratasóir a aistriú ar mhaithe le leas líomhnaithe na seirbhíse de shárú ar an dualgas cúraim atá ann i leith leas na foirne, gan leasanna an chomhalta foirne nó leasanna na seirbhíse a chur san áireamh, gan an ceart chun éisteacht a fháil a urramú agus an gá cúiseanna a thabhairt leis an gcinneadh lena ndéantar difear do leasanna an chomhalta foirne lena mbaineann.

Ordú na Cúirte Ginearálta an 21 Nollaig 2021 – El Corte Inglés v EUIPO – Europull (GREEN COAST)

(Cás T-361/20) ⁽¹⁾

(2022/C 119/82)

Teanga an cháis: an Béarla

D'ordaigh Uachtarán an Tríú Dlísheomra an cás a bhaint ón gclár.

⁽¹⁾ IO C 255, 3.0.2020

Ordú na Cúirte Ginearálta an 21 Nollaig 2021 – Senseon Tech v EUIPO – Accuride International (SENSEON)

(Cás T-724/20) ⁽¹⁾

(2022/C 119/83)

Teanga an cháis: an Béarla

D'ordaigh Uachtarán an Séú Dlísheomra an cás a bhaint ón gclár.

⁽¹⁾ IO C 44, 8.2.2021

Ordú na Cúirte Ginearálta an 27 Eanáir 2022 – About You v EUIPO – Safe-1 Immobilieninvest (Y/O/U), (Y/O/U YOUR ORIGINAL U) agus (/Y/O/U YOUR ORIGINAL U)

(Cásanna uamtha T-23/21, T-50/21 agus T-51/21) ⁽¹⁾

(2022/C 119/84)

Teanga an cháis: an Béarla

D'ordaigh Uachtarán an Chúigiú Dlísheomra an cás a bhaint ón gclár.

⁽¹⁾ IO C 79, 8.3.2021.

Ordú na Cúirte Ginearálta an 13 Eanáir 2022 – Flybe v An Coimisiún

(Cás T-380/21)

(2022/C 119/85)

Teanga an cháis: an Béarla

D'ordaigh Uachtarán an Séú Dlísheomra an cás a bhaint ón gclár.

Ordú na Cúirte Ginearálta an 20 Eanáir 2022 – Tralux agus páirtithe eile v An Pharlaimint

(Cás T-488/21)

(2022/C 119/86)

Teanga an cháis: an Fhraincis

D'ordaigh Uachtarán an Chúigiú Dlísheomra an cás a bhaint ón gclár.

ISSN 1977-107X (leagan leictreonach)
ISSN 1725-2458 (leagan páipéir)



Oifig Foilseachán
an Aontais Eorpaigh
L-2985 Lucsamburg
LUCSAMBURG

GA